An Roinn Oideachais
Department of Education

# Filleadh ar scoil: Tuairisc ar ghrúpaí fócais le daltaí agus scoláirí

## Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2020

Feabhra 2021
An Chigireacht
An Roinn Oideachais

# Clár

**1. Réamhrá** 3

**2. Forléargas ar thionscadal taighde grúpaí fócais na cigireachta** 4

2.1 Cúlra an tionscadail 4
2.2 Na scoileanna a ghlac páirt sna grúpaí fócais 4
2.3 Reachtáil na ngrúpaí fócais 5
2.4 Topaicí don phlé sna grúpaí fócais 6
2.5 Rannpháirtithe na ngrúpaí fócais a roghnú 6

**3. A raibh le rá ag leanaí agus daoine óga** 8

**4. Ar ais ar scoil: Príomhtheachtaireachtaí** 9

4.1 Ar ais ar scoil: Machnaimh agus breathnuithe 10

**5. Obair scoile agus foghlaim: Príomhtheachtaireachtaí** 13

5.1 Obair scoile agus foghlaim: Machnaimh agus breathnuithe 14

**6. Aiseolas na ngrúpaí fócais: Éifeacht agus tionchar** 18

6.1 Samhail rannpháirtíochta Lundy agus tionscadal na ngrúpaí fócais 18
6.2 Straitéisí aiseolais 19

**7. Conclúid** 20

**Aguisín A: Tuilleadh eolais faoi phríomhthagairtí sa tuairisc seo** 21

**Aguisín B: Réasúnaíocht na ngrúpaí fócais** 22

# 1. Réamhrá

Tugann an tuairisc seo cuntas ar thorthaí grúpaí fócais le daltaí agus scoláirí a rinne an Chigireacht i sampla beag scoileanna ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus go luath i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tá sé ar cheann de roinnt tuairiscí a cuireadh ar fáil de ghníomhaíocht taighde na Cigireachta i scoileanna i rith na scoilbhliana 2020/21.

# 2. Forléargas ar thionscadal taighde grúpaí fócais na cigireachta

## 2.1 Cúlra an tionscadail

Is é a bhí mar aidhm leis na grúpaí fócais a thionól ag an am seo ná éisteacht agus tuiscint a thabhairt d'eispéiris leanaí agus daoine óga ar mhaithe le:

- bonn eolais a thabhairt do chinntí polasaí agus tuilleadh treorach agus tacaíochtaí a sholáthar do scoileanna, do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí.
- dea-chleachtas a aithint i scoileanna trí shúile eispéireas na ndaltaí agus na scoláirí ar bheith ais ar scoil.
- tiomantas na Cigireachta do ghuth an scoláire agus do phrionsabail Samhail Lundy de Rannpháirtíocht Leanaí - Spás, Guth, Éisteacht agus Tionchar a bhaint amach. Tá sé mar bhonn le Samhail Lundy go gcaithfear deiseanna a bheith ag duine, sula léirítear tuairim, an tuairim sin a chur le chéile (Féach Aguisín A).

Déanann an tuairisc seo na príomhphointí foghlama ó na grúpaí fócais a iniúchadh. Tá fáil ar réasúnaíocht ghairid maidir le grúpaí fócais a úsáid in Aguisín B.

## 2.2 Na scoileanna a ghlac páirt sna grúpaí fócais

Tionóladh na grúpaí fócais i sé scoil ag deireadh mhí Mheán Fómhair agus go luath i mí Dheireadh Fómhair 2020:

- Bhí trí bhunscoil agus trí iar-bhunscoile páirteach sna grúpaí fócais.
- I measc na scoileanna, tá scoileanna DEIS, scoileanna tuaithe agus uirbeacha, scoileanna beaga agus móra, agus scoileanna aonghnéis agus comhoideachais.
- Is ar láthair scoile na ndaltaí/scoláirí a tharla gach grúpa fócais bunscoile agus grúpa fócais iar-bhunscoile amháin; tharla an dá ghrúpa fócais iar-bhunscoile eile go cianda, le scoláirí na sraithe sinsearaí amháin.
- Iarradh ar gach scoil a chur in iúl dá mbord bainistíochta agus dá foirne bainistíochta sinsearaí go raibh an scoil páirteach i dtionscadal na ngrúpaí fócais.

## 2.3 Reachtáil na ngrúpaí fócais

### *Rialacháin COVID-19 agus prótacail scoile*

| Rialacháin & Prótacail Scoile COVID | Grúpaí Fócais Sóisearacha & Sinsearacha ar leith | Aontú agus Toiliú | Leathanbhanda agus Ardáin do Chruinnithe Cianda |
|---|---|---|---|

Bhí ríthábhacht ag baint le rialacháin COVID-19, treoirlínte sláinte agus sábháilteachta agus prótacail scoileanna nuair a bhí na grúpaí focais á n-eagrú. Leanadh treoir na Cigireachta maidir le cuairteanna agus Tacú le Soláthair Sábháilte na Scolaíochta (TSSS) agus prótacail na Cigireachta don Fhilleadh Sábháilte ar an Láthair Oibre lena dheimhniú go ndearnadh cúram de shábháilteacht rannpháirtithe na ngrúpaí fócais, pearsanra na scoile agus na cigirí.

### *Grúpaí fócais sóisearacha agus sinsearacha ar leith*

Tá sé suimiúil, mar thoradh ar chuid de na srianta bainteach le bearta coisctheacha COVID, cruthaíodh timpeallacht agus leibhéil rannpháirtíochta níos fearr don ghrúpa fócais. Mar shampla, bhí an cinneadh deighilt sóisearach agus sinsearach a chruthú sna grúpaí fócais, i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna araon, le riachtanais an fhadaithe shóisialta agus an gá meas a léiriú ar bhoilgeoga agus ar fhaighneoga. Chruthaigh sé seo eispéireas níos fearr don idirghníomhú, ina raibh líon níos lú rannpháirtithe i ngach grúpa, thart ar sheisear de ghnáth, agus seans níos mó go ndéanfadh rannpháirtithe a n-eispéireas a roinnt le chéile.

| Bunscoil<br>Grúpa Fócais Sóisearach | Bunscoil<br>Grúpaí Fócais Sinsearach | Iar-Bhunscoil<br>Grúpa Fócais Sóisearach | Iar-Bhunscoil<br>Grúpa Fócais Sinsearach |
|---|---|---|---|
| • Rang 3<br>• Rang 4 | • Rang 5<br>• Rang 6 | • Bliain 1<br>• Bliain 2<br>• Bliain 3 | • Idirbhliain<br>• Bliain 5<br>• Bliain 6 |

### *Aontú agus toiliú*

Ag teacht leis an gcleachtas is fearr maidir le bheith ag obair le leanaí agus daoine óga, agus aitheantas tugtha dá gceart páirt a ghlacadh nó gan páirt a ghlacadh, iarradh ar scoileanna a dheimhniú go bhfuarthas toiliú an dalta/scoláire agus toiliú an tuismitheora/caomhnóra sular tharla na cruinnithe[1].

---

[1] Soiléiríodh do dhaltaí/scoláirí agus dá dtuismitheoirí go raibh an rogha ag daltaí/scoláirí a rannpháirtíocht sna grúpaí focais a stopadh ag aon am le linn an phróisis.

*An leathanbhanda agus ardáin do chruinnithe cianda*

Bhí an t-idirghníomhú le hardáin do chruinnithe cianda agus le saincheisteanna leathanbhanda dúshlánach i gcás dhá ghrúpa fócais iargúlta. Le comhoibriú scoileanna, rinneadh "bréagthástáil" agus aithníodh agus scriosadh roinnt ceisteanna. Rinne na scoileanna iarracht an leathanbhanda a bharrfheabhsú trí rochtain mhúinteoirí agus leanaí a shrianadh nuair a bhí na grúpaí fócais ar bun. A bhuíochas don obair ullmhúcháin agus don phleanáil, seachas líon beag dúshlán teicniúla, tharla na cruinnithe gan dua.

## 2.4 Topaicí don phlé sna grúpaí fócais

Baineadh úsáid as na príomhthopaicí céanna i ngach grúpa fócais agus bhain líon beag ceisteanna treorach le gach topaic. Bhí difríochtaí san am a tugadh do réimsí ar leith agus bhí difríochtaí idir ghrúpaí i mionsonraí na gceisteanna a pléadh bunaithe ar an idirghníomhaíocht leis na rannpháirtithe de réir dea-chleachtas grúpaí fócais.

| | |
|---|---|
| Ar ais ar scoil | • Conas mar a bhí sé duit dul ar ais ar scoil don scoilbhliain nua?<br>• Cad a chuidigh leat a bheith compordach ag filleadh ar scoil?<br>• Cad a bhí deacair maidir le filleadh ar scoil?<br>• An raibh rudaí eile ann a d'fhéadfadh cuidiú? |
| Obair scoile agus foghlaim | • Conas mar atá sé bheith ar ais ag déanamh obair scoile ar scoil?<br>• Cad atá ag tarlú i gceachtanna chun cabhrú le gach duine foghlaim agus obair scoile a dhéanamh?<br>• Cad atá deacair faoin bhfoghlaim agus obair scoile anois agus tú ar ais ar scoil??<br>• An bhfuil rudaí a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an scéal? |
| Cad atá dearmadta againn? | • An féidir leat smaoineamh ar aon rud atá dearmadta?<br>• An bhfuil aon rud ba chóir a dhéanamh ar bhealach eile?<br>• An bhfuil aon rud eile ba chóir a bheith ag tarlú chun cuidiú leat foghlaim agus ionas go n-éiríonn go maith leat ar scoil? |

Tugadh faoi na príomhthopaicí agus na ceisteanna tacaíochta tríd an rúibirc phlé céard atá ag oibriú go maith, agus dúshláin a aithint.

## 2.5 Rannpháirtithe na ngrúpaí fócais a roghnú

Iarradh ar phríomhoidí scoile grúpa ionadaíoch agus ionchuimsitheach rannpháirtithe a ainmniú do na grúpaí fócais. I measc na gcritéar roghnaithe, bhí:

- Rannpháirtíocht dhearfach le linn dhúnadh na scoileanna
- Easpa rannpháirtíochta, nó lag-rannpháirtíocht, le linn dhúnadh na scoileanna
- Raon leibhéil gnóthachtála
- Gach clár scoile, mar shampla, An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), An Idirbhliain (IB).

Chun éascú a dhéanamh ar ghuth a thabhairt don raon is leithne sna grúpaí fócais, spreagadh rannpháirtithe chun eispéiris a gcairde agus a gcomhscoláirí a léiriú nuair a bhí a leithéid sin cuí agus ábhartha.

# 3. A raibh le rá ag leanaí agus daoine óga

Ag teacht le modheolaíocht grúpaí fócais (féach Aguisín B), níor léirigh an t-aiseolas ó ghrúpaí fócais conair líneach trí sheicheamh ceisteanna agus topaicí réamhshocraithe. Seachas sin, ghlac rannpháirtithe na ngrúpaí fócais páirt i bpróiseas orgánach agus machnamhach a bhí treoraithe ag na príomhthopaicí don phlé dírithe ar eispéiris a bhain le bheith ar ais ar scoil agus bheith ag foghlaim sa timpeallacht athraithe. Tháinig tuairimí agus machnaimh chun cinn tríd an bpróiseas seo agus pléitear thíos iad.

Bhreathnaigh an t-ábhar díospóireachta deiridh ar an gceist “Cad atá dearmadta againn?” Ar an iomlán, bhain an chuid is mó de na nithe a luadh sa réimse seo le ceann nó ceann eile de na príomhréimsí díospóireachta. É sin ráite, bhí na rannpháirtithe buíoch don deis machnamh a dhéanamh ar a raibh roinnte acu cheana féin le linn an chruinnithe.

Ní dhearna próiseas na ngrúpaí fócais moltaí rannpháirtithe don athrú a éileamh go sainráite; is éard a rinneadh, áfach, ná tabhairt faoi mhachnamh a dhéanamh ar eispéireas na scoile ó athosclaíodh í. Tá léiriú go hintuigthe ina lán den aiseolas ar réimsí sainaitheanta le haghaidh athraithe. Rinneadh roinnt moltaí ar leith a thaifeadadh freisin:


- Teastaíonn ó leanaí agus daoine óga go gcoimeádtar ar an eolas iad níos mó faoina bhfuil ar siúl sa scoil, athruithe maidir le rialacha scoile cur i gcás.
- Luadh go gcuideodh sé dá mbeadh am ar fáil chun labhairt faoi ábhair imní. Labhair grúpa amháin faoin áis “cuir stop le gach rud agus bí ag caint” atá mar thionscnamh acu ina scoil.
- Bheadh níos mó sosanna aeir agus níos mó ama lasmuigh go maith, go háirithe san iarnóin. Labhair scoláirí iar-bhunscoile faoina n-aer féin a análú isteach an t-am ar fad: “Ní maith an rud é.”

# 4. Ar ais ar scoil: Príomhtheachtaireachtaí

Bhreithnigh an topaic seo taithí fhoriomlán na ndaltaí agus na scoláirí ar an scoil agus ar na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm ó athosclaíodh scoileanna don scoilbhliain 2020-2021.

Labhair daltaí agus scoláirí go ginearálta faoi bheith an-sásta a bheith ar ais ar scoil. Bhí siad buíoch don mhéid oibre a rinne a bpríomhoidí, a múinteoirí agus pearsanra scoile eile ionas go bhféadfadh timpeallacht shábháilte a bheith acu. I gcásanna áirithe, bhí sé deacair orthu a thuiscint cén fáth ar cuireadh rialacha áirithe i bhfeidhm.

Go hiondúil, b’ionann eispéiris daltaí bunscoile (B) agus scoláirí iar-bhunscoile (IB).




Ba iad na príomhphointí a bhí ag teacht chun cinn ná:

- Ar an iomlán, léirigh aiseolas na ngrúpaí fócais go raibh na rannpháirtithe an-sásta bheith ar ais ar scoil agus sásta bheith i dteagmháil lena gcairde arís.
- I gcásanna áirithe, ba léir bearnaí sa chumarsáid agus bhraith na rannpháirtithe seo nár cuireadh iad san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin agus eolais a bhain le rialacha scoile agus prótacail nua.
- D’eascair díomá, fearg agus suaitheadh ó roinnt de na rialacha nua; de ghnáth, is cosúil gur bhain na freagairtí seo leis an réasúnaíocht nár cuireadh na rialacha in iúl

go hiomlán. Luadh arís agus arís eile an tionchar ar chumarsáid a bhaineann le chlúdaigh a chaitheamh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

- Léirigh rannpháirtithe ionbhá le scoláirí níos óige agus leo siúd a bhí tagtha go nua chuig scoileanna mar nach mbíonn deiseanna acu cairde a dhéanamh lasmuigh dá mboilgeog agus da bhfaighneog féin.
- Shoiléirigh na rannpháirtithe go gcaithfí níos mó airde a dhíriú ar fholláine choirp, mar shampla, trí bheith in ann éadaí teolaí (neamh-éide scoile) a chaitheamh agus I gcás scoláirí iar-bhunscoile, trí shosanna aeir breise a bheith acu.

## 4.1 Ar ais ar scoil: Machnaimh agus breathnuithe

Cé go ndéantar breathnuithe agus machnaimh bunscoile agus iar-bhunscoile a aithint, is fiú a luadh gurbh ionann a lán de na gnéithe a bhí mar eispéiris ag na daltaí bunscoile agus na scoláirí iar-bhunscoile.

### *Mothúcháin maidir le bheith ar ais ar scoil*

Léiríodh an raon iomlán mothúchán ó sonas agus spleodar go imní agus eagla. I gcásanna áirithe, is díol spéise an tionchar a bhí ag an infreastruchtúr fisiceach agus ag tosca seachtracha ar nós tuairiscí sna meáin lena n-áirítear an teilifís agus meáin shóisialta.

**Dalta Bunscoile**
Bhí an scoil difriúil nuair a d'fhilleamar- tá lochán againn anois agus ostáin d'fheithidí.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá áthas orm a bheith ar ais.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Nílimid chomh scoite amach céanna is a bhíomar cheana (nuair a bhí an scoil dúnta).

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bíonn sé go maith éirí ag an am céanna gach lá agus tosú go luath ar scoil.

**Dalta bunscoile**
Baineann an-strus le bheith curtha i gcomparáid le grúpaí níos óige agus a rá linn gur muide na heiseamláirí.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Cloisimid gur daoine óga is cúis le scaipeadh COVID ach tá idirghníomhaíochtaí teoranta againn le teaghlaigh agus cairde ….níl ciall ag baint leis seo: táimid ar scoil.

### *Cumarsáid faoi athoscailt scoileanna*

Tháinig aiseolas dearfach agus diúltach faoi chumarsáidí ó gach grúpa fócais; ba léir bearnaí sa chumarsáid nuair nár áiríodh daltaí agus scoláirí mar chomhpháirtithe sa phróiseas cumarsáide scoile. Thagair daltaí bunscoile ach go háirithe don ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí mar idirghabhálaithe eolais.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Déantar ár dtuairimí a lorg faoi rudaí a d'fhéadfaí a athrú agus rudaí atá de dhíth orainn, ach ní fhaighimid nuashonruithe faoin a bhfuil ag tarlú.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bhí nótaí, nuacht agus físeáin ar shuíomh gréasáin na scoile an-chabhrach; bhí tuiscint ag na scoláirí ar a raibh le tarlú nuair a thosaigh an scoil arís.

**Dalta bunscoile**
Scríobh an príomhoide chuig ár dtuismitheoirí agus mhínigh mo mham na hathruithe dom**.**

### *Rialacha nua: a dheimhniú go bhfuil scoileanna sábháilte*

Tá sár-iarrachtaí déanta ag foirne agus pobail scoileanna chun sábháilteacht scoileanna a dheimhniú agus cloí leis an treoir a d'eisigh an Roinn Oideachais, bunaithe ar an gcomhairle ó údaráis sláinte, an Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí (NPHET) agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. (HSA) san áireamh. Cé go raibh siad buíoch as na hiarrachtaí a rinne an scoil lena chinntiú gur bhraith siad slán, thug daltaí agus scoláirí le fios go raibh tionchar rímhór ag feidhmiú na dtreoirlínte ar a saol laethúil scoile, agus ar shaol phobal uile na scoile.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní féidir le múinteoirí ár ndreacha a fheiceáil agus bíonn sé deacair gan dreacha a chéile a fheiceáil.

**Dalta bunscoile**
Uaireanta, le glanadh na lámh, ní bhíonn go leor ama ithe, go háirithe má bhíonn tú ar chúl na líne.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Mothaímid uainn an spás pearsanta a bhaineann le taisceadáin**.**

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bíonn sé strusmhar ar scoil. Bím ag ceistiú an ndearna mé dearmad ar shláintíocht, leabhair a shláintiú, agus bím imníoch i gcónaí.

**Dalta bunscoile**
...gnáthaimh... (Tá) doimhin mhachnamh déanta orthu...bualann an t-alárm 10 nóiméad roimh ré …le dul amach don sos, d'fhonn deis a thabhairt (do dhaltaí) lámha a ní agus a dhíghalrú ar an mbealach amach.

### *An scoil mar eispéireas sóisialta agus forbartha*

Is spásanna sóisialta iad scoileanna ina mbíonn forbairt phearsanta agus mhothúchánach ríthábhachtach d'eispéireas oideachais leanaí agus daoine óga. Níor tháinig aon laghdú ar thábhacht na gné seo de bheith ar scoil in ainneoin a lárnaí is atá sé a dheimhniú go mbíonn scoileanna mar thimpeallachtaí sábháilte foghlama agus oibre do chách. Thuig rannpháirtithe na ngrúpaí fócais an tionchar a bhain le timpeallacht athraithe na scoile ar a gcaidrimh agus ar a bhforbairt shóisialta:

**Scoláire iar-bhunscoile**
Toisc nach mbogann siad ó rang go rang, ní éiríonn leis an chéad bhliain cairde a dhéanamh lasmuigh dá ngrúpa féin.


**Dalta bunscoile**
Sásta a bheith i dteagmháil arís le seanchairde, ach deiseanna á gcailliúint cairde nua a dhéanamh.

**Dalta bunscoile**
Trua do na naíonáin shóisir nach mbíonn na deiseanna céanna acu a bhí ag blianta roimhe seo meascadh le pobal na scoile.

# 5. Obair scoile agus foghlaim: Príomhtheachtaireachtaí

Tuairiscítear sa chuid seo ar eispéiris foghlama agus oibre scoile ó athosclaíodh scoileanna don scoilbhliain 2020-2021.

Ábhar iontais gurbh ionann an-chuid den aiseolas ó ghrúpaí fócais bunscoile agus iar-bhunscoile agus bhí imní agus éiginnteacht faoin todhchaí mar chuid díobh seo.




Go hachomair, ba iad seo na príomhphointí a bhí á léiriú:

- Bhí na mothúcháin sa raon ó ghlacadh suaimhneach agus tuiscint stóchúil faoin suíomh nach bhfuil leigheas air go géar-imní maidir le bheith “fágtha taobh thiar” agus gan am chun “breith suas”. Léiríodh an raon mothúchán seo ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon.
- Bhain deacracht le haiseolas duine-le-duine a fháil sa seomra ranga nó ar an obair bhaile.
- Thug scoláirí áirithe le fios gur airigh siad uathu an obair phraiticiúil agus go ndeachaigh an caillteanas seo i bhfeidhm go mór ar a n-inspreagadh agus an

taitneamh a bhain siad  as an obair scoile. Léirigh scoláire amháin mothúcháin an ghrúpa san abairt: "Ba bhreá liom casúr a bheith i mo lámh."

- Thug scoláirí le fios go raibh laghdú deiseanna foghlama comhoibritheacha ann dóibh a d'eascair as fadú sóisialta i seomraí ranga agus go raibh tionchar diúltach ar an laghdú seo ar dhul chun cinn san fhoghlaim agus torthaí foghlama, maraon le taitneamh a bhaint as obair scoile.
- Le linn tréimhse dúnta na scoileanna d'fhorbair scoláirí, go háirithe sa tsraith shinsearach, scileanna foghlama neamhspleácha agus ghlac siad freagracht as a gcuid oibre agus a gcuid ama féin a bhainistiú. Ba mhian leis na scoláirí seo go n-aithneodh múinteoirí na buanna seo agus deiseanna níos mó a thabhairt dóibh a bpleananna oibre féin a bhainistiú.

## 5.1 Obair scoile agus foghlaim: Machnaimh agus breathnuithe

### *Machnaimh ar obair scoile sa bhaile agus foghlaim ar scoil*

Bhí fonn ar rannpháirtithe na ngrúpaí fócais a n-eispéiris ar obair scoile sa bhaile a chur i gcomparáid leis an eispéireas reatha ar a bheith ag foghlaim ar scoil, agus tugadh léiriú réasúnta dearfach ar an dara ceann acu, in ainneoin na ndúshlán.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní mór do mhúinteoirí a bheith ar an eolas faoi pleananna staidéir na scoláirí, agus muinín a bheith acu asainn. Bhí muinín acu asainn le linn na dianghlasála, ní mór dóibh múinín a bheith acu asainn anois.

**Dalta bunscoile**
... níos spreagthaí i leith na foghlama ar scoil ná ag baile ag foghlaim i m'aonar...

**Dalta bunscoile**
Níor thuig mo thuismitheoirí an Ghaeilge agus mar sin, d'fhág mé í go dtí an deireadh.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Chaoin mé sa bhaile mar ní raibh mé in ann an Mhata a dhéanamh.

**Dalta bunscoile**
Míníonn ár múinteoir rudaí níos fearr ná Google.

**Dalta bunscoile**
Déanann an múinteoir rudaí ar bhealach difriúil, bhí sé níos deacra sa bhaile.

### *Folláine, obair scoile agus cothromaíocht*

Is go héadrom agus go hindíreach a pléadh leis an bhfolláine ina lán den aiseolas. Bhí an méid eolais a bhí ar fáil do scoláirí faoi na socruithe don scolaíocht agus do na scrúduithe mar ábhar imní dóibh; chruthaigh sé seo roinnt ábhar buartha dóibh. I gcúpla cás, rinneadh tagairt go sonrach do strus agus easpa cothromaíochta i saoil na rannpháirtithe:

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bhí an easpa cinnteachta maidir le heolas faoin Ardteistiméireacht 2021 thar a bheith strusmhar.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní thuigeann múinteoirí an méid struis atá á fhulaingt againn, an easpa cothromaíochta inár saol.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Obair bhaile a smachtaíonn an tráthnóna… ní féidir siúlóid a phleanáil, bualadh le cairde srl.

### *Eispéiris foghlama agus torthaí foghlama*

Léirigh rannpháirtithe na ngrúpaí fócais ardleibhéil feasachta ar na tosca a chuireann le torthaí foghlama dearfacha. Léirítear é seo go háirithe san eolas a tugadh maidir le comtháthú ábhar, fáil ar ábhair athbhreithnithe ar líne, aiseolas agus tacaíocht duine le duine, foghlaim chomhoibritheach agus measúnú.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Bíonn trialacha beaga á ndéanamh againn go rialta; mothaíonn sé go bhfuil an Ardteist á déanamh agat gach lá.

**Dalta bunscoile**
Bíonn sé deacair ar roinnt daltaí cabhair a iarraidh ar mhúinteoir os comhair an ghrúpa iomláin.

**Dalta iar-bhunscoile**
Ní bhíonn an oiread aiseolais duine le duine le fáil ar obair bhaile nó ar obair scoile.

**Dalta bunscoile**
Má bhíonn cabhair uait, caithfidh an rang iomlán fanacht. Toisc nach féidir leis an múinteoir teacht anuas le cabhair aonair, caithfidh sí é a mhíniú arís don ghrúpa iomlán.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Déanann na múinteoirí níos mó ranganna teagaisc agus sleamhnáin de ranganna. Má chailleann tú amach ar rud sa rang, bíonn deis agat breith suas sa bhaile.

**Dalta iar-bhunscoile**
Bíonn tionchar ag gan a bheith ag obair le chéile ar an bhfoghlaim i roinnt ábhar.

**Dalta bunscoile**
Déantar na hábhair a chomhtháthú, tá sé níos spraíúla agus meascann an múinteoir ar a chéile iad.

### *Mothú go bhfuiltear fágtha taobh thiar*

Cuireadh imní in iúl ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal araon faoi bheith “fágtha taobh thiar”, agus gan a bheith ábalta “breith suas” agus bearnaí a bheith sa bhfoghlaim. Shíl daltaí bunscoile go raibh scileanna a bhí foghlamtha acu sular dhún an scoil imithe ar gcúl. Léirigh scoláirí na sraithe sinsearaí ag an iar-bhunleibhéal an-imní maidir le cúrsaí Ardteistiméireachta a chríochnú.

**Dalta bunscoile**
Mothaím go bhfuilim ar gcúl agus nár fhoghlaim mé a lán rudaí a bhí le foghlaim agam i rang a 4.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Nuair a bhíomar sa bhaile, bhíomar ábalta ár gcuid ama a bhainistiú. Bíonn an-chuid obair bhaile againn anois agus ní bhíonn am againn teacht suas leis.

**Scoláire iar-bhunscoile**
Ní bheidh an gnáth-am ann don athdhéanamh don Ardteist 2021 mar táimid ag iarraidh an t-am a cailleadh a chúiteamh.

**Dalta bunscoile**
Sular tharla sé seo, bhí ag éirí go han-mhaith liom ar scoil. Anois, nílim chomh maith sin.

### *Machnaimh a bhaineann go díreach le hábhair*

Cé nach ndearna na ngrúpaí fócais ábhair aonair a bhreithniú, is díol suntais an t-athrú a léirigh daltaí agus scoláirí ar a dtaithí ar na hábhair phraiticiúla, ar chorpoideachas agus ar theangacha, an Ghaeilge san áireamh.

**Dalta bunscoile**
Níl cead canadh!

**Scoláire iar-bhunscoile**
Mothaímid uainn an gnáthchlár spóirt.

**Scoláire iar-bhunscoile**
I roinnt ábhar praiticiúil, níl á dhéanamh againn ach teoiric; tá ranganna ag éirí leadránach.

**Dalta bunscoile**
Níor chleachtamar Gaeilge a labhairt nuair a dúnadh na scoileanna. Caithfimid dul siar ar seo.

### *Teicneolaíocht agus ardáin foghlama*

Ó thréimhse tosaigh dhúnadh scoileanna i Márta 2020, tháinig athrú iomlán ar an tslí ina n-idirghníomhaíonn leanaí agus daoine óga leis an scolaíocht mar thoradh ar úsáid na teicneolaíochta chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú. Rinne múinteoirí agus bainistíocht scoileanna úsáid ardáin foghlama ar líne a thabhairt isteach nó a chomhdhlúthú chun rochtain chuimsitheach agus eispéiris foghlama dearfacha a chumasú. Níor léir na deacrachtaí céanna leis na hardáin ar líne, per se, i gcomparáid le fadhbanna intuartha an leathanbhanda agus easpa rochtana ar ghléasanna:

**Scoláire iar-bhunscoile**
Uaireanta, ní bhíonn an trealamh ag daltaí don nasc le ranganna ar líne nó ní bhíonn an ceangal idirlín go maith.


**Scoláire iar-bhunscoile**
Tá Google classroom in úsáid ar scoil agus sa bhaile; cuirimid an obair bhaile isteach ar google classroom.

**Dalta bunscoile**
Bhí SeeSaw deacair toisc go raibh sé nua.

# 6. Aiseolas na ngrúpaí fócais: Éifeacht agus tionchar

## 6.1 Samhail rannpháirtíochta Lundy agus tionscadal na ngrúpaí fócais

Nuair a bhí gníomhaíocht na ngrúpaí fócais á pleanáil, cinneadh, de réir Shamhail Lundy, go nglacfaí roinnt céimeanna le deimhniú go dtabharfaí aird chuí ar an bprionsabal lárnach “Tionchar”.





**Samhail Rannpháirtiochta Lundy**[2]

Bhí an-fhonn ar na rannpháirtithe go léir go mbeidís mar chuid de lúb chumarsáide na Roinne ionas go gcloisfidís faoi thionchar a n-aiseolas.

[2] Tá an ghrafaic seo bunaithe ar Samhail Rannpháirtíochta Lundy i Lundy, L. (2007) ‘Voice is not enough: Conceptualizing Article 12 of the UNCRC’, British Educational Research Journal, Vol. 33, No. 6, pp. 927-42

## 6.2 Straitéisí aiseolais




Rinneadh trí straitéis aiseolais a aithint don tionscadal seo:

- Aiseolas áitiúil don scoil: aiseolas comhaontaithe do phríomhoide na scoile ag eascairt as cruinniú an ghrúpa fócais
- Aiseolas don chóras: aiseolas don Roinn faoi na príomhcheisteanna
- Aiseolas do scoileanna na ngrúpaí fócais: aiseolas do rannpháirtithe an ghrúpa fócais maidir le tionchar na ngrúpaí fócais, de réir phrionsabail Shamhail Lundy.

# 7. Conclúid

Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal seo guth agus deis oscailte a thabhairt do dhaltaí agus scoláirí a n-eispéiris a bhain le filleadh ar an scoil i Mí Mheán Fómhair, a roinnt le cigirí. Bhí rannpháirtíocht seo na gcigirí le daltaí agus scoláirí de réir Shamhail Lundy ar Rannpháirtíocht an Linbh.

D'inis daltaí agus scoláirí do chigirí go raibh siad an-sásta go ginearálta a bheith ar ais ar scoil agus in ann teagmháil a dhéanamh lena gcairde athuair. Bhí siad buíoch don obair a rinne príomhoidí, múinteoirí, agus daoine eile i bpobal na scoile chun timpeallacht foghlama shábháilte a chruthú ar scoil. Labhair siad go hoscailte freisin faoin tionchar a bhí ag feidhmiú na rialacha agus socruithe nua ina scoil féin orthu, agus ar a n-eispéiris foghlama i réimsí mar an fhoghlaim chomhoibritheach, aischothú ar a n-obair, agus measúnú. Theastaigh féinriar níos mó ó scoláirí na Sraithe Sinsearaí d'fhonn a n-obair a bhainistiú.

Thug an rannpháirtíocht le leanaí agus daoine óga léargais luachmhara faoi eispéiris dhaltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile agus iad ar ais ar scoil i Mí Mheán Fómhair 2020. Cé go raibh líon na scoileanna, na ndaltaí agus na scoláirí a ghlac páirt sa tionscadal seo beag, tá na cinntí tábhachtach mar sin féin do na rannpháirtithe féin, do scoileanna go ginearálta, agus don Chigireacht agus don Roinn ar bhonn níos leithne.

Is é príomhchinneadh amháin ón rannpháirtíocht ná an tábhacht a bhaineann le leanaí agus daoine óga a bheith ar scoil dá bhforbairt oideachasúil agus sóisialta agus dá bhfolláine go ginearálta. Shoiléirigh na daltaí agus na scoláirí a bhí rannpháirteach sa tionscadal seo an fiúntas le bheith ar ais ar scoil ar roinnt leibhéal. Déanann na cinntí roinnt breithnuithe a shoiléiriu do scoileanna go ginearálta, d'fhonn iad a fhorbairt mar is iomchuí, agus scoileanna ar a ndícheall lena chinntiú go bhfuil teagasc agus eispéiris foghlama a fiúntaí agus is féidir ar fáil do leanaí agus daoine óga i gcomhthéacs scolaíochta duine le duine le linn aimsir na paindéime.

# Aguisín A: Tuilleadh eolais faoi phríomhthagairtí sa tuairisc seo

**Samhail Lundy den Rannpháirtíocht**
https://www.gov.ie/en/publication/9128db-national-strategy-on-children-and-young-peoples-participation-in-dec/

Tá Samhail Lundy den Rannpháirtíocht mar bhonn eolais do *Straitéis Náisiúnta Leanaí agus Daoine Óg sa Chinnteoireacht 2015-2020 (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2015)* na hÉireann. Tá treoirphrionsabail shamhail Lundy mar bhonn agus mar thaca ag an dearcadh go gcaithfear, sula bhféadfaidh duine tuairim a chur in iúl, deis a thabhairt don duine an tuairim sin a chur le chéile.

Is iad ceithre phrionsabal Lundy ná:

1. Spás: ní mór deiseanna sábháilte, ionchuimsitheacha a thabhairt do leanaí a dtuairimí a chur le chéile agus a chur in iúl,
2. Guth: ní mór deis a chruthú do leanaí a dtuairimí a nochtadh;
3. Éisteacht: ní mór éisteacht leis an tuairim,
4. Tionchar: ní mór gníomhú de réir na tuairime mar is cuí

**Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL)**

https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx

https://www.oco.ie/childrens-rights/un-convention/

Tá 41 alt sa CNACL, gach ceann le ceart ar leith sonraithe aige. Ní dhéantar na cearta a rangú in ord tábhachta; in ionad, bíonn siad ag idirghníomhú le chéile chun tacar comhtháite ceart amháin a chruthú. Shínigh Éire an CNACL 28 mbliana ó shin i 1992 agus nuair a síníodh é, tugadh aitheantas do leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois mar 'shealbhóirí-cearta' agus gur chóir go dtabharfaí cosaint, meas agus fíorú dá gcearta.

Luaitear Airteagal 12, go háirithe, nuair a bhíonn an t-oideachas á phlé. Deirtear ann "*Cinnteoidh Stát-Pháirtithe go mbeidh fáil ag an leanbh ag a bhfuil an cumas a chuid tuairimí féin nó a cuid tuairimí féin a mhúnlú ar an gceart na tuairimí sin a chur i láthair go hoscailte i ngach gné a bhaineann leis an leanbh, le haird chuí á tabhairt ar thuairimí an linbh i gcomhréir le haois agus le haibíocht an linbh.*"

**Ár nGuthanna Ár Scoileanna** (https://www.ourvoicesourschools.ie)

Is acmhainn ar líne é *Ár nGuthanna Ár Scoileanna*, urraithe ag an RLGO, do scoileanna chun tacú le héisteacht le daoine óga agus iad a bheith páirteach i gcinnteoireacht faoi ghnóthaí a théann i bhfeidhm orthu ar scoil. Is toradh é ar chinneadh a rinne Feidhmeannas Náisiúnta Chomhairle na nÓg 2016/17 díriú go sonrach ar chomhionannas i suíomh na scoile. Tá *Ár nGuthanna Ár Scoileanna* dírithe ar chur chuige bunaithe ar chearta chun leanaí agus daoine óga a bheith páirteach i gcinnteoireacht agus tá Múnla Rannpháirtíochta Lundy mar bhonn leis.

# Aguisín B: Réasúnaíocht na ngrúpaí fócais

Cuireann grúpaí fócais cur chuige cáilíochtúil ar fáil chun tuiscint mhionsonraithe a fháil ar shaincheisteanna ar leith. Baintear úsáid as ceisteanna oscailte chun díospóireacht ghrúpa a éascú ina nglacann na cigirí ról imeallach mar mhodhnóirí agus mar thaifeadóirí. Tá sé mar phríomhphrionsabal gur cheart go dtiocfadh forbairt ar an bplé trí rannpháirtíocht na rannpháirtithe, seachas é tiomáinte nó treoraithe ag saincheisteanna nó ag sainriachtanais eolais na n-eagraithe. Is grúpaí a roghnaíodh d'aon ghnó na rannpháirtithe, seachas sampla ionadaíoch staitistiúil.

Rinneadh na grúpaí fócais a phleanáil agus a stiúradh ag úsáid modheolaíochta a thagann as prionsabail Shamhail Rannpháirtíochta Lundy agus as cur chuige cearta-bhunaithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (UNCRC)[3] . Ghlac na cigirí a raibh baint acu le Tionscadal na nGrúpaí Fócais (foireann na nGrúpaí Fócais) páirt i gceardlann faoi stiúir Anne O'Donnell, Bainisteoir Hub na nÓg, inar pléadh agus inar treisíodh na treoirphrionsabail a bhaineann le rannpháirtíocht leanaí mar aon le hoibleagáidí na Cigireachta cearta leanaí a chosaint. Ina theannta sin, tá sainchomhairle faighte ag an gCigireacht maidir le grúpaí fócais cianda (ar líne) a reáchtáil le daoine óga.

Ba rogha maith é an cinneadh grúpaí fócais a úsáid le daltaí bunscoile agus scoláirí iar-bhunscoile le linn tréimhse Mhéan Fómhair-Nollaig 2020 chun plé a éascú. Gnóthaíodh a lán léargas ar thaithí leanaí agus daoine óga ar fhilleadh ar an scolaíocht agus ar a n-eispéireas den obair scoile agus den fhoghlaim tríd an gcur chuige seo.

[3] Féach Aguisín A do thagairtí.